AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 12.9.2023
COM(2023) 533 final

2023/0323 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 313 final} - {SWD(2023) 312 final} - {SWD(2023) 313 final} - {SWD(2023) 314 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Eisítear thart ar 18 mbilliún sonrasc san Aontas gach bliain, is é sin os cionn 500 gach soicind[1]. Tá sruthanna íocaíochta iontaofa riachtanach chun geilleagar an Aontais, agus go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a dhéanamh níos iomaíche.

Is minic a sholáthraítear earraí agus seirbhísí ar íocaíochtaí iarchurtha: deonaíonn an soláthraí (an creidiúnaí) téarma íocaíochta don chliant (an féichiúnaí) chun an sonrasc (creidmheas trádála) a íoc, tar éis na hearraí a sheachadadh nó an tseirbhís a comhaontaíodh sa chonradh a sholáthar. Is íocaíochtaí déanacha iad íocaíochtaí nach ndéantar laistigh den téarma comhaontaithe nó dlíthiúil. Déanann siad difear do chuideachtaí i ngach earnáil[2] agus i ngach Ballstát[3] agus, bíonn tionchar mór acu, go leibhéal díréireach, ar FBManna[4].

Is iad neamhshiméadrachtaí i gcumhacht margála idir cliant mór (féichiúnaí) agus soláthraí beag (creidiúnaí) is bunchúis le híocaíochtaí déanacha. Is minic dá thoradh sin a bhíonn ar an soláthróir glacadh le téarmaí agus coinníollacha íocaíochta éagóracha. I gcás féichiúnaithe, is foirm tharraingteach airgeadais é íoc go déanach nach bhfuil aon chostas ag baint léi don bhféichiúnaí ach a bhfuil costas ag baint léi don chreidiúnaí. Is measa fós an cás mar gheall ar neamh-leordhóthanacht chreat dlíthiúil reatha an Aontais, Treoir 2011/7/AE (an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha), nach bhfuil bearta coisctheacha leordhóthanacha ná bacainní oiriúnacha inti, agus nach leor a sásraí forfheidhmithe agus sásaimh[5].

Leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha tugtar aghaidh ar na heasnaimh sin, agus é mar aidhm dheiridh leis feabhas a chur ar smacht íocaíochta na ngníomhaithe uile lena mbaineann (údaráis phoiblí, cuideachtaí móra agus FBManna) agus cuideachtaí a chosaint ar éifeachtaí diúltacha moilleanna íocaíochta in idirbhearta tráchtála.

Cuireadh an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha san áireamh i gclár oibre 2023 an Choimisiúin faoin gcuspóir ‘Eoraip atá oiriúnach don Aois Dhigiteach’.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá feabhas a chur ar iompar íocaíochta in idirbhearta tráchtála ar cheann de chuspóirí na dTeachtaireachtaí ón gCoimisiún *Updating the 2020 New Industrial Strategy*[6] [Straitéis Nua Thionsclaíoch 2020 a Thabhairt Cothrom le Dáta] agus *an SME Strategy for a sustainable and digital Europe*[7][Straitéis FBM le haghaidh na hEorpa inbhuanaithe digití]. Leanann an t-athbhreithniú freisin na moltaí a d’eisigh an tArdán ‘Réidh don Todhchaí’ sa Tuairim a

---

1 An Coimisiún Eorpach (2019). Staidéar ar an meastóireacht ar rialacha sonraiscthe Threoir 2006/112/CE. Tuarascáil Chríochnaitheach.

2 Tuarascáil Íocaíochta na hEorpa 2022.

3 Tuarascáil Íocaíochta na hEorpa 2022.

4 T., Nicolas, *Short-term financial constraints and SMEs’ investment decision: evidence from the working capital channel*, Small Business Economics (2021).

5 Tuairim chríochnaitheach 2021_SBGR2_06 Íocaíochtaí déanacha_fup_0.pdf (europa.eu)

6 COM (2021) 350 final.

7 COM (2020) 103 final.

glacadh i mí na Nollag 2021[8] agus an Rún ó Pharlaimint na hEorpa ó 2019[9]. Cuireann an tionscnamh seo freisin le cuspóirí na Teachtaireachta *Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030*[10] [Iomaíochas fadtéarmach san Aontas Eorpach: níos faide ar aghaidh ná 2030]. Go deimhin, is é is aidhm don athbhreithniú sin cothroime a thabhairt d'idirbhearta tráchtála, athléimneacht FBManna agus slabhraí soláthair a mhéadú, úsáid níos forleithne digitithe a chothú agus litearthacht airgeadais fiontraithe a fheabhsú. Tá an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha mar chuid de Scórchlár REFIT[11].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá dlúthnasc idir an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha agus an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (an Treoir CÉT). Mínítear an gaol dlíthiúil idir an dá théacs in aithrisí 17 agus 18 agus in Airteagal 3(1) den Treoir CÉT. Ní chuireann an Treoir CÉT isteach ar na rialacha, na leigheasanna agus na hiarmhairtí a leagtar síos sa Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha. Ní chuireann forálacha na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha isteach ach oiread ar na rialacha is infheidhme san earnáil agraibhia maidir le comhaontuithe comhroinnte luacha, íocaíochtaí i gcomhthéacs na scéime scoile, nó íocaíochtaí áirithe i ndíol fíonchaor, úrfhíona agus fíona i mbulc in earnáil an fhíona.

Rialaítear leis an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha íocaíochtaí in idirbhearta tráchtála idir údaráis chonarthacha agus príomhchonraitheoirí agus idir conraitheoirí agus a bhfochonraitheoirí. Le hAirteagal 71 (3) de Threoir 2014/24/AE agus Airteagal 88(7) de Threoir 2014/25/AE maidir le soláthar poiblí foráiltear go bhféadfaidh na Ballstáit forálacha a leagan síos maidir le híocaíochtaí díreacha le fochonraitheoirí.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí iomchuí don tionscnamh seo chun a chuspóirí a bhaint amach. Is é Airteagal 114 CFAE an bunús dlí iomchuí do bhearta atá dírithe ar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 26 CFAE a bhaint amach (forálacha náisiúnta a chomhchuibhiú).

Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun a áirithiú go mbeidh na rialacha íosta i bhfeidhm ag na Ballstáit uile chun íocaíochtaí déanacha a chosc, go mbeidh na bearta cearta forfheidhmithe agus díspreagthacha acu chun íocaíochtaí déanacha a chomhrac, agus go mbeidh modhanna sásaimh leordhóthanacha acu. Sa chomhthéacs sin, tá idirghabháil spriocdhírithe an Aontais trí bhíthin an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

Is éard atá sa Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha atá ann faoi láthair athmhúnlú ar an gcéad Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (Treoir 2000/35/CE), bunaithe ar Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá an t-athbhreithniú ar an treoir sin laistigh de shainchúram comhpháirteach (inniúlacht chomhroinnte) an Aontais agus rialtais na mBallstát.

8 Tuairim chríochnaitheach 2021_SBGR2_06 Íocaíochtaí déanacha_fup_0.pdf (europa.eu)
9 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0042_EN.html
10 COM (2023) 168 final
11 https://op.europa.eu/webpub/com/refit-scoreboard/en/policy/10/10-6.html

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Déantar difear do na Ballstáit uile le híocaíochtaí déanacha. Chun íocaíocht phras a éascú, ní mór rialacha diana comhordaithe a bheith ann. Is dócha go mbeadh easpa rialacha aonfhoirmeacha, ilroinnt an mhargaidh aonair agus costais níos airde ar chuideachtaí a bhíonn ag trádáil thar theorainneacha mar thoradh ar 27 réiteach náisiúnta a chur chun feidhme. Tá údar le gníomhaíocht ón Aontas toisc go ndéantar difear le híocaíochtaí déanacha do gach idirbheart tráchtála sa soláthar poiblí agus do gach idirbheart tráchtála idir cuideachtaí, gan beann ar a méid. Ós rud é gur athbhreithniú é ar reachtaíocht an Aontais atá ann cheana chun a forálacha a neartú, ní féidir í a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais.

Tá gá le gníomhaíocht ón Aontas chun forálacha a leagan amach maidir le táillí úis agus cúitimh, chun téarmaí íocaíochta níos soiléire a bhunú d'idirbhearta gnólacht le gnólacht; chun forálacha forfheidhmithe agus faireacháin a leagan amach agus chun a áirithiú go bhfuil sineirgí i bhfeidhm leis an gcreat soláthair phoiblí.

- **Comhréireacht**

Ní rachaidh an tionscnamh atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a bhaint amach. Ní fhorchuirtear ar chuideachtaí ach an costas is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus freastalaíonn sé ar riachtanais láithreacha na bpáirtithe a bhfuil sé beartaithe dóibh (e.g. cuideachtaí, go háirithe FBManna) chun íocaíochtaí déanacha a chosc agus chun íocaíocht phras a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán í an ionstraim a roghnaíodh chun teacht in ionad na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha atá ann faoi láthair. Tá go leor buntáistí ag baint le Rialachán, lena n-áirítear gur féidir dul i ngleic leis an ngné thrasteorann d'íocaíochtaí déanacha. Le Rialachán, beidh príomhghnéithe, amhail an téarma uasta le haghaidh íocaíochtaí agus nósanna imeachta fíoraithe, an ráta úis ar íocaíochtaí déanacha agus méid an chúitimh de réir buntáille, mar an gcéanna ar fud an Aontais agus beidh siad infheidhme go díreach. Ag an am céanna, beidh cead ag na Ballstáit forálacha níos déine a ghlacadh maidir le gnéithe áirithe. Leagtar síos sa Rialachán oibleagáidí maidir le comhlachtaí forfheidhmithe, córais idirghabhála, bainistíocht creidmheasa, oiliúint litearthachta airgeadais agus cleachtais agus forálacha conarthacha éagóracha, ach is faoi na Ballstáit a bheadh sé iad a chomhlánú de réir a reachtaíochta náisiúnta. Chomh maith leis sin, ionchorprófaí sa Rialachán nua forálacha na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha nach ndéanann an t-athbhreithniú difear dóibh.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2015, le meastóireacht *ex-post* ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha[12] rinneadh measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach AE na Treorach. Baineadh de thátal as go raibh an Treoir ábhartha agus éifeachtúil agus nár forchuireadh aon chostais mhóra ar chuideachtaí ná ar údaráis phoiblí léi. Mar sin féin, luadh

[12] https://publications.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/400ecc74-9a54-11e5-b3b7-01aa75ed71a1

freisin go raibh an eagla go ndéanfaí damáiste don chaidreamh tráchtála ag cur bac ar chreidiúnaithe ar íocadh go déanach iad na cearta a thugtar dóibh leis an Treoir a fheidhmiú. I dTuairim 2021 ón Ardán 'Réidh don Todhchaí'[13] cuireadh 10 moladh i láthair maidir le bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar íocaíochtaí déanacha. Áirítear ar na bearta gearrthéarmacha a moladh sainmhíniú a thabhairt ar cad is brí le cleachtais agus clásail thar a bheith éagóracha; féachaint an dualgas cruthúnais ar an bhféichiúnaí a aisiompú chun é a dhéanamh níos éasca do chreidiúnaithe a chruthú gur tharla mí-úsáid; FBManna a spreagadh chun a gcearta a fheidhmiú trí chomhairle agus faisnéis a chur ar fáil faoi théarmaí íocaíochta, faoi théarmaí íocaíochta a dhéanamh trédhearcach agus faoi fhéinrialáil. Áirítear ar na bearta fadtéarmacha a moladh uasteorainn 30 lá féilire a chur le téarmaí íocaíochta conarthacha i gcás íocaíochtaí ó chuideachta mhór le FBM, sonrascú leictreonach agus maoirseacht rialtais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis na mBallstát, cuideachtaí, go háirithe FBManna, comhlachais ghnó AE agus comhlachais ghnó náisiúnta, daoine príobháideacha agus saineolaithe acadúla. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí comhairliúcháin glao ar fhianaise, comhairliúchán poiblí, comhairliúchán sonrach le FBManna (Painéal FBM), agallaimh dhéthaobhacha le príomhpháirtithe leasmhara agus plé le hionadaithe ó na Ballstáit. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis a fuarthas mar ionchur don togra.

Fuarthas freagraí ó 137 bpáirtí leasmhara ar an nglao ar fhianaise agus fuarthas 117 bhfreagra sa chomhairliúchán poiblí idir an 12 Eanáir agus an 17 Márta 2023[14]. Bhí an Painéal FBM[15] ar siúl idir an 26 Eanáir agus an 16 Márta 2023 agus fuarthas 939 bhfreagra.

D'eagraigh an Coimisiún cruinnithe déthaobhacha le príomhpháirtithe leasmhara a dhéanann ionadaíocht ar chuideachtaí, go háirithe FBManna[16]. Pléadh íocaíochtaí déanacha freisin an 21 Márta agus an 31 Bealtaine 2023 le linn cruinnithe de Líonra Thoscairí FBManna. Tionóladh dhá chruinniú leis an sainghrúpa um íocaíochtaí déanacha[17] an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus an 13 Eanáir 2023. Dhearbhaigh tromlach mór na bpáirtithe leasmhara go raibh tionchar mór ag íocaíochtaí déanacha ar chuideachtaí, go háirithe FBManna.

Chuir beagnach gach grúpa páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo in iúl go dtacaíonn siad le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir. Mar sin féin, chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl go raibh rialacha níos déine ag teacht salach ar shaoirse chonarthach cuideachtaí Eorpacha. Thacaigh formhór na bpáirtithe leasmhara leis an rogha an téarma íocaíochta in idirbhearta gnólacht le gnólacht a uasteorannú, agus b'fhearr leo uasteorainn 30 lá. Ní raibh ach roinnt páirtithe leasmhara i gcoinne téarmaí íocaíochta a theorannú. Thacaigh go leor páirtithe leasmhara leis an rogha oiliúint a chur ar fáil maidir le bainistiú creidmheasa agus litearthacht airgeadais agus chun Faireachlann Eorpach um Íocaíochtaí a bhunú. Tháinig sé chun solais ón gcomhairliúchán gur annamh a íoctar ús ar íocaíochtaí déanacha ná cúiteamh astu. Bhí páirtithe leasmhara i bhfabhar íoc úis a dhéanamh uathoibríoch.

---

13 Tuairim chríochnaitheach 2021_SBGR2_06 Íocaíochtaí déanacha_fup_0.pdf (europa.eu).

14 Tá an t-aiseolas ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13665-Iocaiochtai-deanacha-rialacha-an-Aontais-a-thabhairt-cothrom-le-data_ga.

15 Leis an bpainéal FBM cuirtear ar a chumas don Choimisiún tuairimí FBManna a fháil ar bhealach spriocdhírithe agus eagraítear é i gcomhar le comhpháirtithe an Choimisiúin sa Líonra Fiontar Eorpach.

16 Tá liosta de na cruinnithe sin i gceangal leis an measúnú tionchair.

17 Clár shainghrúpaí an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile (europa.eu)

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Agus saineolas á bhailiú agus á úsáid aige, bhain an Coimisiún úsáid as torthaí na meastóireachtaí agus na dtuarascálacha a bhí ann cheana: an Mheastóireacht *Ex-post* ar an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha[18], an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha (agus an Doiciméad Inmheánach Oibre a thacaíonn léi)[19], an Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hÍocaíochtaí Déanacha[20] agus an Tuairim ón Ardán 'Réidh don Todhchaí' maidir leis an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha[21].

Cuireadh torthaí na staidéar agus na suirbhéanna seo a leanas san áireamh freisin: Tuarascálacha Íocaíochtaí na hEorpa[22], na tuarascálacha ar Athbhreithnithe Fheidhmíocht FBManna[23], staidéir an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le hÍocaíochtaí Déanacha agus Gnólachtaí[24] agus maidir le Measúnú a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch a bhíonn ag íocaíochtaí níos tapúla in idirbhearta gnólacht le gnólacht[25], agus staidéir an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hidirbhearta gnólacht le gnólacht[26] agus maidir le 'Cultúr íocaíochta freagrach a thógáil'[27].

Chuir an Coimisiún san áireamh freisin roinnt breithiúnas a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le déanaí. Soiléirítear i dtéacs an rialacháin atá beartaithe go bhfuil cúiteamh de réir buntáille dlite in aghaidh an tsonraisc seachas in aghaidh an chonartha, mar a bhunaítear leis an réamhrialú i gcás C-585/20 an 20 Deireadh Fómhair 2022[28]. Sa rialú céanna, shoiléirigh an Chúirt freisin nach n-áireofar an nós imeachta maidir le hearraí nó seirbhísí a fhíorú nó a ghlacadh sa chonradh ach amháin má dhlíonn cineál na n-earraí nó na seirbhísí nós imeachta den sórt sin. Ionchorpraítear sa rialachán atá beartaithe freisin an breithiúnas i gCás C-122/18 an 28 Eanáir 2020 go mbaineann an oibleagáid a fhorchuirtear ar na Ballstáit leis an Treoir le comhlíonadh éifeachtach na dtéarmaí íocaíochta a leagtar amach ann ag a n-údarás poiblí[29]. Ar deireadh, soiléirítear inti an dáta a stopfaidh ús ar íocaíochtaí déanacha ag fabhrú, de réir an réamhrialaithe i gcás C-256/15 an 15 Nollaig 2016[30].

---

18 https://publications.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/400ecc74-9a54-11e5-b3b7-01aa75ed71a1

19 COM (2016) 534 final

20 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-8-2019-0042_EN.html

21 Tuairim chríochnaitheach 2021_SBGR2_06 Íocaíochtaí déanacha_fup_0.pdf (europa.eu)

22 https://www.intrum.com/publications/european-payment-report/

23 Athbhreithniú ar Fheidhmíocht FBManna (europa.eu)

24 https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC121059

25 https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC130205

26 https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/c8b7391b-9b80-11e8-a408-01aa75ed71a1

27 https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/cb4bc1bd-1467-11ed-8fa0-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search

28 Breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *BFF Finance Iberia SAU v Gerencia Regional de Salud de la Junta de Castilla y León* (IO C 53, 15.2.2021, lch. 19) C585/20, EU:C:2022:806, míreanna 42 agus 53.

29 Breithiúnas an 28 Eanáir 2020, *an Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile*. C-122/18, EU:C:2020:41, mír 53.

30 Breithiúnas an 15 Nollaig 2016, *Drago Nemec v Republika Slovenija*. C-256/15, EU:C:2016:954, mír 59.

- **Measúnú tionchair**

Scrúdaigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála an tuarascáil ar an Measúnú Tionchair an 10 Bealtaine 2023 agus d'eisigh sé tuairim dhearfach an 12 Bealtaine 2023[31], cé gur chuir sé ábhair imní in iúl. Tugadh aghaidh ar mholtaí an Bhoird sa leagan deiridh den Mheasúnú Tionchair. Rinneadh anailís sa Mheasúnú Tionchair ar roghanna beartais éagsúla chun trí chuspóir shonracha a bhaint amach. Faoin gcéad chuspóir, '**cosc a chur ar íocaíochtaí déanacha**', díríonn na bearta beartais a sainaithníodh **(PO1)** ar an gcéim idirbheartaíochta d'idirbheart tráchtála, toisc gur minic go mbíonn moilleanna ar íocaíochtaí mar thoradh ar théarmaí íocaíochta míchuí nó éagóracha sa chonradh. Rinneadh measúnú ar roghanna éagsúla le haghaidh an téarma uasta íocaíochta in idirbhearta B2B, lena n-áirítear uastréimhse an nós imeachta fíorúcháin chun a fháil amach an gcomhlíonann earraí nó seirbhísí ceanglais an chonartha. Rinneadh measúnú freisin ar an rogha oiliúint bainistíochta creidmheasa agus litearthachta airgeadais a chur ar fáil ar bhonn níos forleithne do FBManna agus é a dhéanamh níos éasca dóibh rochtain a fháil uirthi, mar bheart coisctheach. Faoin dara cuspóir, '**íocaíochtaí tráthúla a éascú'**, is é is aidhm do na bearta beartais **(PO2)** cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha trína áirithiú go bhforfheidhmítear na rialacha maidir le híocaíocht, agus go n-urramaítear téarmaí íocaíochta, trí íocaíocht úis agus cúitimh a dhéanamh éigeantach agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar mhéid an chúitimh ar bhuntáille. Rinneadh measúnú freisin ar roghanna a bhaineann le forfheidhmiú agus sineirgí le nósanna imeachta soláthair phoiblí. Maidir leis an tríú cuspóir '**sásraí sásaimh a neartú, dálaí íocaíochta córa a áirithiú agus cuideachtaí a chumhachtú**', dírítear sna bearta beartais a sainaithníodh **(PO3)** ar chothroime agus ar shásraí éifeachtacha sásaimh a bheith ar fáil.

An rogha ab fhearr: léirítear sa mheasúnú go bhféadfadh tairbhí a bheith ag baint le gach rogha ach go mbaineann rioscaí leo freisin má chuirtear chun feidhme ina n-aonar iad. Dá bhrí sin, tugtar le chéile sa phacáiste beart ab fhearr na foroghanna is éifeachtaí ó PO1, PO2 agus PO3. Tá roinnt buntáistí ag baint leis an bpacáiste i gcomparáid le gach rogha beartais ina n-aonar, agus den chuid is mó cuirtear deireadh leis na rioscaí bunúsacha a bhaineann le gach ceann acu. Is dócha go mbeidh sé i bhfad níos éifeachtaí téarmaí íocaíochta a uasteorannú, mar a bheartaítear in PO1a, nuair a bheidh bearta láidre forfheidhmithe agus díspreagthaí in aghaidh íoc déanach ag gabháil leo, mar a bheartaítear in PO2a. Tiocfaidh méadú ar an gcumhacht athchomhairleach atá ag íocaíocht uathoibríoch úis agus cúitimh nuair a chuirfear deireadh leis an bhféidearthacht dul timpeall ar na forálacha sin trí théarmaí íocaíochta a bhfuil fad éagórach iontu a chaibidliú. Le bearta faoi rogha PO3b cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil don phacáiste. Glactar leis go coimeádach sa mheasúnú tionchair go bhfuil laghdú 35 % ar íocaíochtaí déanacha réalaíoch trí na laghduithe 23,4 % ar mhoilleanna íocaíochta ó PO1, 17,8 % ó PO2, agus 5,5 % ó PO3 a chur le chéile, ag glacadh leis go bhfuil forluí ann idir na roghanna éagsúla. Is é conclúid an mheasúnaithe ar an rogha a bhaineann le foirm an ghnímh dhlíthiúil gurb é Rialachán an fhoirm ab fhearr.

Pacáiste beartais ab fhearr 1a+2a+3b
Cuirfear uasteorainn 30 lá ar théarmaí íocaíochta in idirbhearta B2B
Cuirfear uasteorainn 30 lá ar an nós imeachta fíoraithe nó glactha (gan aon mhaolú)

[31] https://single-market-economy.ec.europa.eu/system/files/2023-09/SEC_2023_313_1_IMPACT_ASSESSMENT_OPINION_EN_V2_P1_2888389.PDF
https://single-market-economy.ec.europa.eu/system/files/2023-09/SWD_2023_313_1_EN_resume_impact_assessment_part1_v3.pdf

Éascóidh Ballstáit an Aontais infhaighteacht na hoiliúna i mbainistiú creidmheasa agus i litearthacht airgeadais, lena n-áirítear uirlisí íocaíochta digití do FBManna.
Beidh ús ar íocaíocht dhéanach uathoibríoch (cuirtear deireadh leis an gcoincheap de ‘theidlíocht’), agus soiléireofar an lá críochnaithe le haghaidh fabhraithe úis.
Beidh cúiteamh de réir buntáille dlite le haghaidh gach idirbheart a íoctar go déanach agus ardófar go EUR 50 í chun boilsciú a léiriú.
Déanfaidh na Ballstáit comhlachtaí a ainmniú a bheidh freagrach as an dlí a fhorfheidhmiú, imscrúduithe a dhéanamh ar a dtionscnamh féin nó trí ghearáin, a mbeidh sé de chumhacht acu beartaí srianta riaracháin a eisiúint agus ainm na gciontóirí a fhoilsiú. Úsáidfear uirlisí digiteacha ar mhaithe le forfheidhmiú níos éifeachtaí.
I gconarthaí oibreacha poiblí, beidh ar údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha a sheiceáil go bhfuil íocaíocht leis an bpríomhchonraitheoir curtha ar aghaidh chuig na fochonraitheoirí díreacha.
Cuirfidh Ballstáit an Aontais córas náisiúnta idirghabhála ar bun chun díospóidí íocaíochta in idirbhearta tráchtála a réiteach.
Tabharfaidh Ballstáit an Aontais aghaidh ar cheist na dtéarmaí agus na gcleachtas conarthach éagórach trína ndlí náisiúnta

Cruthaíonn an pacáiste ab fhearr roinnt costas aonuaire do ghnólachtaí. Mar thoradh ar théarmaí íocaíochta a uasteorannú ag 30 lá agus íocaíocht úis a dhéanamh éigeantach beidh costais coigeartaithe aonuaire ann chun téarmaí caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta chun téarmaí uasta íocaíochta (EUR 56,1 milliún) agus táillí cúitimh coigeartaithe (EUR 243 mhilliún) a léiriú. Má ghlactar an dá rogha beartais le chéile áfach, is féidir an dá athrú a dhéanamh le coigeartú amháin (EUR 243 mhilliún). Leis an bpacáiste ab fhearr, forchuirtear ar fhéichiúnaithe costais athfhillteacha forfheidhmithe a bhaineann le cúiteamh a íoc go huathoibríoch (ús EUR 228,3 milliún, táillí EUR 3,23 billiún) – tairbhe dhíreach do chreidiúnaithe, áfach – agus costas forfheidhmithe athfhillteach ar fhíneálacha rialála díreacha (EUR 136,8 milliún). Seachnaítear na costais sin go hiomlán má chloíonn cuideachtaí leis na rialacha agus má íocann siad in am. Beidh an glansochar eacnamaíoch foriomlán dearfach toisc go mbeidh sreafaí airgid níos intuartha agus beidh sé níos éasca ar chuideachtaí iad a bhainistiú. Is EUR 2,2 milliún don Aontas ar fad a bheidh sna costais riaracháin do phríomhchonraitheoirí i gconarthaí oibreacha poiblí a bhaineann le cruthúnas íocaíochta le fochonraitheoirí a sholáthar.

Rachaidh an rogha ab fhearr chun tairbhe na n-údarás poiblí ar bhealaí éagsúla. Eascraíonn an príomhthairbhe as an laghdú foriomlán a bhfuil coinne leis ar íocaíochtaí déanacha, rud a chiallaíonn go mbeidh níos lú féimheachtaí agus costais ghaolmhara ann don chiste poiblí. Na fíneálacha riaracháin a fhéadfaidh comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe a bhailiú ó chuideachtaí a íocann go déanach, a mheastar a bheith suas le EUR 136,8 milliún, is féidir leo cuidiú freisin costais na gcomhlachtaí forfheidhmithe a íoc. Ba cheart d’údaráis phoiblí tairbhe a bhaint freisin as na córais idirghabhála atá beartaithe in PO3b, go díreach (más mian leis an údarás poiblí díospóid a réiteach le soláthróir) agus go hindíreach (trí fhaoiseamh ar an gcóras breithiúnach).

Beidh roinnt costas le híoc ag údaráis phoiblí. Tá roinnt costas coigeartaithe i gceist le rochtain ar oiliúint i mbainistíocht creidmheasa agus i litearthacht airgeadais/digiteach a sholáthar, ag brath ar an gcaoi a chuireann na Ballstáit struchtúr ar a dtacaíocht, agus mar sin ní féidir meastachán cinntitheach a thabhairt ar chostais. Is é EUR 37,2 milliún agus EUR 0,53 billiún in aghaidh na bliana faoi seach na meastacháin ar chostais forfheidhmithe athfhillteacha d’íocaíocht uathoibríoch úis agus táillí cúitimh in idirbhearta rialtas le gnólacht. Is féidir na costais seo a sheachaint trí íoc in am. Glactar leis go bhfuil costas EUR 10 in

aghaidh an chomhlachta i gceist leis an athbhreithniú ar choinníollacha conarthacha caighdeánacha chun táillí cúitimh nua a chur san áireamh, mar a bheartaítear in PO2. Na Ballstáit sin nach bhfuil comhlachtaí forfheidhmithe ná córais idirghabhála i bhfeidhm acu, beidh orthu iad a chur ar bun agus iad a reáchtáil, agus meastar gur EUR 60-65 mhilliún in aghaidh na bliana (comhlachtaí forfheidhmithe) agus EUR 10-40 milliún in aghaidh na bliana (seirbhísí idirghabhála) a bheidh sna costais forfheidhmithe athfhillteacha don Aontas. Fágtar faoi dhiscréid na mBallstát a fhíorú go n-íoctar fochonraitheoirí in am i gconarthaí oibreacha poiblí faoi na Treoracha maidir le Soláthar Poiblí, agus sa chás sin ní bheadh acmhainní breise ag teastáil le haghaidh forfheidhmiú athfhillteach féideartha.

Rannchuidíonn an tionscnamh seo le roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach. Trí rannchuidiú go hindíreach leis an bhfás eacnamaíoch, cruthóidh sé timpeallacht ghnó níos fearr sa mhargadh aonair (SDG 8). Tá sé deimhnithe ag comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara gurb é íocaíocht dhéanach an phríomhchúis le himní agus strus agus go mbaintear an bonn den mhuinín as an margadh. Trí méadú a dhéanamh ar infhaighteacht bainistíochta creidmheasa agus litearthachta airgeadais agus trí rochtain orthu a éascú, cuirtear feabhas ar oideachas ar ardchaighdeán (SDG 4). Trí chúrsaí a dhéanamh níos cothroime, trí rochtain FBManna ar sheirbhísí airgeadais a mhéadú, lena n-áirítear creidmheas inacmhainne, agus trína dhéanamh níos éasca dóibh comhtháthú i slabhraí luacha agus i margaí, cuidíonn an t-athbhreithniú seo le SDG 9 a bhaint amach. Tá an t-athbhreithniú seo i gcomhréir le cuspóirí aeráidneodrachta Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Déanfaidh an Rialachán atá beartaithe cúrsaí a shimpliú le cur chuige aonfhoirmeach agus ceangailteach chun íocaíochtaí déanacha a chomhrac, a bheidh infheidhme maidir le cuideachtaí de gach méid, agus ní chaithfear le FBManna ar bhealach eisceachtúil. Ceapadh na bearta uile agus FBManna á gcur san áireamh, ach bainfidh cuideachtaí de gach méid tairbhe astu ar deireadh. Mar sin féin, ós rud é gur mó an tionchar a bhíonn ag íocaíochtaí déanacha ar mhicrifhiontair ná FBManna eile, is dóchúla go dtiocfaidh na tairbhí a bhfuil coinne leo chun cinn mar fheidhmíocht fheabhsaithe i gcuideachtaí ina bhfuil suas le naonúr fostaí.

Tiocfaidh tairbhí an tsimplithe as téarmaí íocaíochta dochta agus aonfhoirmeacha a leagan síos a mbeidh idirbheartaíocht nach bhfuil chomh huaineach céanna mar thoradh orthu. Le huasteorannú téarmaí íocaíochta laghdófar‘toisc na heagla’ a bhíonn ag gníomhaithe margaidh beaga a ghlacann go minic le téarmaí íocaíochta éagóracha agus iad ag déileáil le gníomhaithe margaidh níos mó. Tá coinne leis go mbainfidh 30 % ar a laghad de FBManna an Aontais tairbhe dhíreach as an bhforáil sin. Trí uasteorannú téarmaí íocaíochta a chomhcheangal le díspreagthaí amhail ús agus cúiteamh (méadaithe) a dhéanamh dlite go huathoibríoch, ba cheart líon na sonrasc a íoctar go déanach a laghdú, chomh maith le laghdú suntasach a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis an gcruachás lena mbaineann agus leis an am a chaitear ar thóir íocóirí déanacha. Déantar líon na ndaonlaethanta sa bhliain a chaitheann cuideachta ag dul sa tóir ar íocaíochtaí déanacha a mheas ó 5 lá sa Ghearmáin go dtí níos mó ná 15 lá sa Spáinn[32]. Trí íocaíochtaí déanacha a dhíspreagadh, fiú amháin bunaithe ar thoimhdí an-choimeádach, d’fhéadfaí 27,4 milliún daonuair, atá coibhéiseach le EUR 5 845,4 milliún, a shábháil ar an iomlán do gheilleagar AE-27.

[32] https://www.sage.com/en-gb/blog/wp-content/uploads/sites/10/2017/12/Domino-Effect-Late-Payments-Research-Sage.pdf

Cuideoidh uasteorannú fhad an téarma íocaíochta agus an nós imeachta fíoraithe le sreafaí airgid a dhéanamh níos intuartha**.** Leis an togra freisin athdháilfear an t-ualach airgeadais agus na costais ar théarmaí córa, trína áirithiú go n-íocfaidh gach cuideachta as an leachtacht a theastaíonn uaidh. De réir mar a sheasann cúrsaí, tá sé an-trom ó thaobh riaracháin de do chuideachtaí beaga, nó do chuideachtaí a bhfuil staid níos laige sa mhargadh acu, maoiniú a fháil ar chostas a chuireann a leibhéal riosca san áireamh. San am céanna, tugann íocaíochtaí déanacha creidmheas tráchtála saor in aisce do chuideachtaí atá i staid níos lú riosca, agus dá bhfuil sé níos éasca agus níos saoire maoiniú a fháil.

Ar deireadh, leis an togra beidh sé níos éasca do chuideachtaí a gcearta a dhearbhú trí rochtain ar shásamh éifeachtach trí idirghabháil a éascú, nach bhfuil ach nós imeachta breithiúnach ar fáil ina leith faoi láthair, a bhíonn níos costasaí agus a thógann níos mó ama go minic. Chuirfeadh idirghabháil ar chumas cuideachtaí EUR 27 milliún a shábháil in aghaidh na bliana i gcásanna cúirte seachanta.

- **Tionchar ar an iomaíocht**

Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ag an togra ar iomaíocht praghsanna/costais agus nuálaíochta. Le sreabhadh airgid comhiomlánaithe méadaithe, níos cobhsaí agus níos intuartha, tá níos mó leachtachta ag cuideachtaí chun infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht nó is féidir leo laghduithe ar chostais a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí. Laghdaítear costas an mhaoinithe toisc go maoiníonn na bainc rioscaí a gcliant féin go díreach. Leis an tionscnamh atá beartaithe, is intuartha a bheadh na dálaí chun gnó a dhéanamh, rud a d'fhágfadh go mbeadh timpeallacht ghnó níos fabhraí ann. Tá coinne leis go rachaidh sé chun tairbhe do gach gníomhaí margaidh, ach go mbeidh tionchar níos mó aige ar FBManna ná ar chuideachtaí móra. Is mó an seans go n-íocfaidh cuideachtaí móra ná FBManna go déanach, mar sin is dóchúla go n-íocfaidh siad roinnt de na costais a sainaithníodh sa rogha beartais ab fhearr.

Ó thaobh iomaíochais idirnáisiúnta de, is dócha go mbeidh ar chuideachtaí a dhéanann idirbhearta allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin dul i ngleic le neamhréireanna maidir le fad na dtéarmaí íocaíochta (idir a gcuntais iníoctha agus infhála). Beidh ar chuideachtaí na rioscaí a eascraíonn as na neamhréireanna sin a bhainistiú, mar shampla trí chomhaontú lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta maidir leis an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh, lena saineofaí cén páirtí atá ag glacadh leis na rioscaí sin. Is faoin bpáirtí sin ansin atá sé teacht ar bhealach cuí chun an neamhréir a mhaoiniú. Glactar leis sin go dtugann soláthraithe airgeadais trádála aghaidh ar na rioscaí, lena n-áirítear an riosca nach n-íocfar iad, faoi dhálaí an mhargaidh (trí, mar shampla, airgead tirim roimh ré, litir chreidmheasa, cuntais oscailte nó coinsíneachtaí[33]). Cuireann na réitigh airgeadais trádála sin srian shuntasach leis an tionchar a bheadh ann mar thoradh mar thoradh ar uasteorannú éigeantach ar théarmaí íocaíochta a thabhairt isteach.

Meastar freisin go gcuirtear srian leis an mbaol, in idirbhearta idirnáisiúnta, go roghnódh cuideachtaí téarmaí íocaíochta fada go córasach faoi dhlíthe tíortha nach bhfuil san Aontas chun sladghearradh a dhéanamh ar chuideachtaí a éilíonn rialacha an Aontais. Déanann go leor tíortha comhpháirtíochta AE, amhail Ceanada, na Stáit Aontaithe, Türkiye agus an Ríocht Aontaithe reachtaíocht a chur i bhfeidhm cheana maidir le híocaíochtaí déanacha. Ní mar an gcéanna atá sé san Aontas i ndáiríre, ós rud é gur fhorchuir roinnt tíortha, amhail an Ísiltír, reachtaíocht níos déine ar íocaíochtaí i gcomparáid le tíortha eile.

[33] https://www.trade.gov/methods-payment

- **Forbairtí TFC á gcur san áireamh**

Tháinig an Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha i bhfeidhm i ndomhan nach raibh chomh digitithe in aon chor. Le linn na 10 mbliana dá chur chun feidhme, bhí tionchar an-mhór ag an digitiú ar gach gné den tsochaí, lena n-áirítear an chaoi a ndéantar cuideachtaí a bhainistiú, agus rinneadh athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéanann cuideachtaí a dtáirgí agus a seirbhísí a chur in iúl nó a mhargú. Tá na bearta sa togra seo oiriúnach don mhúnla comhaimseartha seo agus dá bhrí sin is bearta iad atá'digiteach mar réamhshocrú'.

Tá ról mór ag uirlisí digiteacha agus ag réitigh dhigiteacha i gcuid de na bearta atá beartaithe agus déanfaidh siad difear d'indéantacht agus costéifeachtacht na mbeart sin. Is amhlaidh atá i gcás na hoibleagáide comhlachtaí a ainmniú a bheidh freagrach as rialacha íocaíochta a fhorfheidhmiú. Iarrtar ar na Ballstáit freisin FBManna a spreagadh chun úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha a chuidíonn le híocaíocht a fháil níos tapúla, agus chun é a dhéanamh níos éasca dóibh rochtain a fháil ar litearthacht airgeadais agus ar oiliúint i mbainistiú creidmheasa, lena n-áirítear oiliúint maidir le conas uirlisí íocaíochta digití a úsáid.

- **Cearta bunúsacha**

Tacóidh an togra le cur chun feidhme Airteagal 16 den Chairt um Chearta Bunúsacha maidir leis an tsaoirse chun gnó a sheoladh. Le híocaíochtaí prasa, méadaítear muinín sa mhargadh agus spreagtar an fhiontraíocht.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar go mbeidh tionchar buiséadach áirithe ag an togra ar na Ballstáit. Tá tuairisc ar an tionchar sin sa chuid ábhartha den mheasúnú tionchair.

Ní mheastar go ndéanfaidh an togra difear ar bhealach ar bith do bhuiséad an Aontais. D'fhéadfadh Faireachlann an Aontais um Íocaíochtaí[34] atá ann faoi láthair tacú le faireachán a dhéanamh ar an togra trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ann cheana.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar méid ratha an tionscnaimh a thomhas i dtéarmaí na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

- laghdú 35 % a dhéanamh ar chion na gcuideachtaí a thuairiscíonn íocaíochtaí déanacha mar fhadhb (tomhaisfear an dul chun cinn i gcoinne luach tagarmhairc ó Shuirbhé 2022 ar Rochtain Fiontar ar Mhaoiniú do gach cuideachta: is é 28 % an sprioc, ón mbonnlíne 43 %);
- laghdú 35 % a dhéanamh ar chion na gcuideachtaí i ngach aicme méide aonair a thuairiscíonn íocaíochtaí déanacha mar fhadhb (tomhaisfear an dul chun cinn i gcoinne na luachanna bonnlíne ó Shuirbhé 2022 ar Rochtain Fiontar ar Mhaoiniú le

[34] https://single-market-economy.ec.europa.eu/smes/sme-strategy/late-payment-directive/eu-payment-observatory_en#:~:text=The%20EU%20Observatory%20of%20Payments,commercial%20transactions%20in%20the%20EU.

haghaidh aicmí méide (is é idir 26 % agus 31 % an sprioc, ó bhonnlíne 40 % go 47 %).

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchair na roghanna beartais ar íocaíochtaí déanacha, 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe. D'fhéadfaí faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm rialacha an Aontais agus ar an tionchar a bheidh acu i dtuarascálacha bliantúla arna gcur le chéile ag na Ballstáit ar a dtionscnamh féin, arna gcomhlánú le tuarascálacha ón earnáil phríobháideach arna gcur le chéile ag tríú páirtithe. Is iondúil go mbíonn sonraí sna tuarascálacha sin maidir le feidhmíocht íocaíochta in idirbhearta B2B sna Ballstáit agus comhlíonadh le rialacha an Aontais, chomh maith le gníomhaíocht na n-údarás forfheidhmithe i dtéarmaí, mar shampla, líon na ngearán a fuarthas agus líon na n-imscrúduithe a seoladh. Ba cheart don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla náisiúnta na tuarascálacha bliantúla a phlé. D'fhéadfadh Faireachlann an Aontais um Íocaíochtaí atá ann faoi láthair tacaíocht a chur ar fáil freisin, i bhfoirm tuarascálacha téamacha, i gcás inar gá.

Tá tuilleadh faisnéise, lena n-áirítear liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí faireacháin a d'fhéadfadh a bheith ann, in Iarscríbhinn 24 a ghabhann leis an Measúnú Tionchair.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In **Airteagal 1** (Raon feidhme) dearbhaítear an raon feidhme reatha agus soiléirítear nach mbeidh feidhm ag an rialachán maidir le híocaíochtaí le haghaidh idirbheart le tomhaltóirí, íocaíochtaí a dhéantar mar chúiteamh ar dhamáistí, íocaíochtaí i ndáil le fiacha atá faoi réir imeachtaí dócmhainneachta, lena n-áirítear imeachtaí atá faoi réir athstruchtúrú fiachais. Luaitear na heisceachtaí sin go léir sa Treoir maidir le hÍocaíochtaí Déanacha atá ann faoi láthair, ach déantar soiléiriú leis an téacs seo trí iad ar fad a chur le chéile in Airteagal 1.

Le **hAirteagal 2** (Sainmhínithe) coimeádtar an chuid is mó de shainmhínithe na Treorach atá ann faoi láthair, agus tugtar isteach sainmhínithe nua ar an 'nós imeachta glactha nó fíoraithe', 'féichiúnaí' agus 'creidiúnaí'.

Tá **Airteagal 3** (Tréimhsí íocaíochta) níos déine ná Airteagal 3 agus Airteagal 4 na Treorach atá ann faoi láthair, trí theorainn 30 lá a chur leis an tréimhse íocaíochta agus le fad an nós imeachta glactha nó fíoraithe, agus trí aon tagairt do choincheap na gcleachtas agus na gclásal atá thar a bheith éagórach a scriosadh.

Baintear na heisceachtaí ar feadh uastréimhse íocaíochta 60 lá i gcás cúram sláinte agus údaráis phoiblí a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha, mar a leagtar amach in Airteagal 4(4)(a) agus in Airteagal 4(4)(b) den Treoir atá ann faoi láthair.

Mínítear san Airteagal go bhfuil forálacha an Rialacháin seo gan dochar do thréimhsí níos giorra a bhféadfaí foráil a dhéanamh dóibh sa dlí náisiúnta.

Is éard atá in **Airteagal 4** (Íocaíochtaí le fochonraitheoirí sa soláthar poiblí) foráil nua chun tacú le híocaíochtaí a chur ar aghaidh síos an slabhra soláthair i gconarthaí le haghaidh oibreacha poiblí, trína cheangal ar an bpríomhchonraitheoir a chruthú gur íocadh fochonraitheoirí díreacha.

Is foráil nua é **Airteagal 5** (Ús ar íocaíochtaí déanacha). Cuireann sé leis na forálacha in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 den Treoir atá ann faoi láthair agus soiléirítear ann go bhfuil ús ar íocaíochtaí déanacha dlite go huathoibríoch nuair a chomhlíontar na coinníollacha is gá. Ceanglaítear leis freisin ar an bhféichiúnaí an fhaisnéis ar fad is gá chun a áirithiú gur féidir glacadh le sonrasc a thabhairt don chreidiúnaí. Soiléirítear leis an Airteagal 5 nua seo freisin

go bhfabhraíonn ús ar íocaíocht dhéanach go dtí go n-íocfar an phríomhshuim, i gcomhréir leis an gcásdlí.

Is Airteagal nua é **Airteagal 6** (Ráta an úis ar íocaíocht dhéanach). Déanann sé comhchuibhiú ar an ráta úis ar íocaíocht dhéanach.

In **Airteagal 7** (Sceidil íocaíochta) léirítear an méid atá in Airteagal 5 den Treoir atá ann faoi láthair.

Comhfhreagraíonn **Airteagal 8** (Cúiteamh as costais aisghabhála) d'Airteagal 6 den Treoir atá ann faoi láthair. Tugann sé cúiteamh cnapshuime i gcomhréir le boilsciú agus soiléiríonn sé go bhfuil an chnapshuim seo iníoctha le haghaidh gach idirbhirt aonair a íoctar go déanach.

Is Airteagal nua é **Airteagal 9** (Téarmaí conarthacha agus cleachtais chonarthacha atá ar neamhní go hiomlán). Cuirtear é in ionad Airteagal 7 den Treoir atá ann faoi láthair. Cuirtear deireadh leis an gcoincheap 'thar a bheith éagórach' agus leagtar síos ann liosta cleachtas atá ar neamhní faoin Rialachán.

Comhfhreagraíonn **Airteagal 10** (Teideal a choinneáil) d'Airteagal 9 den Treoir atá ann faoi láthair.

Comhfhreagraíonn **Airteagal 11** (Trédhearcacht) d'Airteagal 8 den Treoir atá ann faoi láthair.

Comhfhreagraíonn **Airteagal 12** (Nósanna imeachta aisghabhála maidir le héilimh neamhchonspóidithe) d'Airteagal 10 den Treoir atá ann faoi láthair.

Is Airteagal nua é **Airteagal 13** (Údaráis forfheidhmithe). Luaitear ann go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit údaráis náisiúnta a ainmniú a bheidh freagrach as an Rialachán a fhorfheidhmiú, údaráis a oibreoidh i gcomhar leis an gCoimisiún agus le húdaráis forfheidhmithe náisiúnta ábhartha eile.

Is Airteagal nua é **Airteagal 14** (Cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe). Liostaítear ann na cumhachtaí nach mór a bheith ag na húdaráis forfheidhmithe chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán i bhfeidhm.

Is Airteagal nua é **Airteagal 15** (Gearáin agus rúndacht). Leagtar amach ann na coinníollacha faoinar féidir le creidiúnaithe agus comhlachais creidiúnaithe gearán a dhéanamh faoi íocaíochtaí déanacha, chomh maith le hoibleagáidí na n-údarás forfheidhmithe i ndáil le gearáin.

Is Airteagal nua é **Airteagal 16** (Réiteach malartach díospóidí). Déanann sé úsáid dheonach sásraí um réiteach malartach díospóidí atá éifeachtach agus neamhspleách a chur chun cinn chun díospóidí a réiteach níos tapúla idir creidiúnaithe agus féichiúnaithe, gan dochar a dhéanamh dá gcaidreamh tráchtála.

Is Airteagal nua é **Airteagal 17** (Uirlisí digiteacha, bainistíocht creidmheasa agus oiliúint litearthachta airgeadais). Is é is aidhm dó a áirithiú go n-úsáidfear uirlisí digiteacha chun an Rialachán a fhorfheidhmiú agus chun uirlisí bainistíochta creidmheasa agus oiliúint litearthachta airgeadais a chur chun cinn do FBManna, chun íocaíochtaí déanacha a laghdú.

Freagraíonn **Airteagal 18** (Tuarascáil) d'Airteagal 11 den Treoir atá ann faoi láthair, agus luaitear ann go bhfuil an Coimisiún le tuairisciú ar chur chun feidhme an Rialacháin 4 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm.

Is coibhéis é **Airteagal 19** (Aisghairm) le hAirteagal 13 den Treoir atá ann faoi láthair, arna oiriúnú do Rialachán.

Is coibhéis é **Airteagal 20** (Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm) le hAirteagal 14 den Treoir atá ann faoi láthair, arna oiriúnú do Rialachán.

2023/0323 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa mhargadh inmheánach, déanann oibreoirí eacnamaíocha formhór na n-earraí agus na seirbhísí a sholáthar d'oibreoirí eacnamaíocha eile agus d'údaráis phoiblí ar bhonn íocaíocht iarchurtha, trína dtugann an soláthróir am dá chliant chun an sonrasc a íoc, mar a comhaontaíodh idir páirtithe, mar atá leagtha amach i sonrasc na soláthróirí nó mar atá leagtha síos leis an dlí.

(2) I gcás idirbhearta tráchtála idir oibreoirí eacnamaíocha nó idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí, déantar go leor íocaíochtaí tráth is déanaí ná mar a comhaontaíodh sa chonradh nó mar a leagadh síos sna coinníollacha ginearálta tráchtála nó leis an dlí.

(3) Tá tionchar díreach ag íocaíochtaí déanacha ar leachtacht agus intuarthacht sreafaí airgid, rud a mhéadaíonn riachtanais chaipitil oibre agus a chuireann isteach ar rochtain cuideachta ar mhaoiniú seachtrach dá réir sin. Déantar difear leis sin don iomaíochas, laghdaítear an táirgiúlacht, tagann iomarcaíochtaí as, méadaítear an dóchúlacht go dtarlóidh dócmhainneachtaí agus féimheachtaí agus is bacainn chriticiúil é don fhás. Le híocaíochtaí déanacha, cuirtear isteach go tromchúiseach ar na slabhraí soláthair, toisc gur minic a chuirtear an mhoill íocaíochta ar aghaidh chuig soláthróirí. Tá tionchar mór ag na héifeachtaí diúltacha sin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhíonn ag brath ar shruthanna tráthrialta intuartha airgid. Tá íocaíochtaí déanacha ina bhfadhb mhór do gheilleagar an Aontais mar gheall ar na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann leo.

(4) Cé go ndéantar éilimh bhreithiúnacha a bhaineann le híocaíochtaí déanacha a éascú cheana féin le Rialacháin (CE) Uimh. 805/2004[2], (CE) Uimh. 1896/2006[3], (CE)

[1] IO C, , lch. .

Uimh. 861/2007[4] agus (AE) Uimh. 1215/2012[5] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is gá forálacha comhlántacha a leagan síos chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a dhíspreagadh.

(5) Ba cheart an deis a bheith ag gnóthais trádáil a dhéanamh ar fud an mhargaidh inmheánaigh faoi choinníollacha a áirithíonn nach mó na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí trasteorann ná leis na díolacháin intíre. Tharlódh saobhadh sa chomórtas dá gcuirfí rialacha a bhí an-éagsúil le chéile i bhfeidhm maidir le hoibríochtaí intíre agus le hoibríochtaí trasteorann.

(6) Le Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], leagtar síos rialacha maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála. In 2019 shainaithin Parlaimint na hEorpa roinnt easnamh sa Treoir sin. I Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach[7], iarradh go n-áiritheofaí timpeallacht 'saor ó íocaíochtaí déanacha' do FBManna agus go neartófaí forfheidhmiú Threoir 2011/7/AE. In 2021 léiríodh leis an Ardán 'Réidh don Todhchaí' saincheisteanna criticiúla maidir le cur chun feidhme na Treorach sin sa tuairim uaidh. Baineann na príomheasnaimh a sainaithníodh sna tionscnaimh sin leis na nithe seo a leanas: na forálacha débhríocha maidir le 'thar a bheith éagórach' a bhaineann leis na sprioc-amanna le haghaidh íocaíochta in idirbhearta gnólacht le gnólacht, cleachtais íocaíochta éagóracha agus na sprioc-amanna le haghaidh na nósanna imeachta glactha agus fíoraithe; an cúiteamh de réir buntáille; neamhshiméadracht na rialacha maidir le téarmaí íocaíochta idir idirbhearta rialtas le gnólacht agus gnólacht le gnólacht; an easpa téarma uasta íocaíochta le haghaidh idirbhearta tráchtála in idirbhearta gnólacht le gnólacht; an easpa faireacháin ar chomhlíonadh agus ar fhorfheidhmiú; an t-easnamh uirlisí chun neamhshiméadrachtaí faisnéise a chomhrac; chomh maith le huirlisí le haghaidh creidiúnaithe chun gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne a bhféichiúnaithe, agus an easpa sineirgí leis an gcreat soláthair phoiblí.

(7) Chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin, ba cheart Treoir 2011/7/AE a ionadú.

(8) Ba cheart forálacha a leagan síos chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chosc, ina ndéantar earraí a sheachadadh nó seirbhísí a sholáthar ar luach saothair, beag beann ar cé acu idir gnóthais nó idir gnóthais agus údaráis/eintitis chonarthacha a dhéantar iad, i gcás inarb iad na húdaráis/eintitis chonarthacha sin an féichiúnaí, ós rud é go mbíonn na húdaráis chonarthacha/eintitis ag plé lé méid mór íocaíochtaí le gnóthais.

(9) Is minic a bhíonn téarmaí íocaíochta rófhada agus moilleanna rófhada i gceist le conarthaí oibre poiblí agus le hoibreacha tógála agus innealtóireachta. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na gníomhaíochtaí sin.

---

2 Rialachán (CE) Uimh. 805/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena gcruthaítear Ordú Forfheidhmiúcháin Eorpach d'éilimh neamhchonspóidithe (IO L 143, 30.4.2004, lch. 15)

3 Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 lena gcruthaítear ordú Eorpach maidir le nós imeachta íocaíochta (IO L 399, 30.12.2006, lch. 1).

4 Rialachán (CE) Uimh. 861/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 lena mbunaítear Nós Imeachta Eorpach um Éilimh Bheaga (IO L 199, 31.7.2007, lch. 1).

5 Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

6 Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

7 COM(2020) 103 final.

(10) Ba cheart na nithe seo a leanas a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo: idirbhearta le tomhaltóirí, íocaíochtaí a dhéantar mar chúiteamh i leith damáistí, lena n-áirítear íocaíochtaí ó chuideachtaí árachais, agus oibleagáidí chun íoc ar féidir iad a chur ar ceal, a chur siar nó a tharscaoileadh faoi imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí athstruchtúraithe, lena n-áirítear imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach faoi Threoir (AE) 2019/1023[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(11) Is ionann íocaíocht dhéanach agus sárú conartha atá tarraingteach d'fhéichiúnaithe ó thaobh airgeadais de, mar gheall ar rátaí ísle úis nó rátaí úis ar bith a ghearrtar ar íocaíochtaí déanacha, nó nósanna imeachta malla um shásamh. Is gá athrú suntasach a dhéanamh chuig cultúr íocaíochtaí prasa, lena n-áirítear cultúr ina bhfuil eisiamh an chirt chun ús a ghearradh ar íocaíocht dhéanach ar neamhní go hiomlán, chun an treocht sin a aisiompú agus chun íocaíochtaí déanacha a dhíspreagadh. Dá réir sin, ba cheart teorainn 30 lá féilire a chur le tréimhsí íocaíochta conarthacha in idirbhearta gnólacht le gnólacht agus in idirbhearta rialtas le gnólacht araon, i gcás inarb é an t-údarás poiblí an féichiúnaí.

(12) Is minic a úsáidtear na nósanna imeachta glactha nó fíoraithe maidir le comhréireacht na n-earraí nó na seirbhísí a sholáthraítear le ceanglais an chonartha, mar aon le cruinneas agus comhréireacht an tsonraisc a fhíorú, chun moill a chur ar an tréimhse íocaíochta d'aon ghnó. Dá bhrí sin, ba cheart údar oibiachtúil a bheith lena n-áireamh sa chonradh i ngeall ar chineál sonrach an chonartha atá i gceist nó ar bhonn saintréithe áirithe[9]. Níor cheart, dá bhrí sin, go bhféadfaí foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta fíoraithe nó glactha den sórt sin i gconradh ach amháin nuair a fhoráiltear dó sin sa dlí náisiúnta i gcás inar gá, mar gheall ar chineál sonrach na n-earraí nó na seirbhísí. Chun an cás a sheachaint ina n-úsáidtear an nós imeachta glactha nó fíoraithe chun síneadh a chur leis an tréimhse íocaíochta, ba cheart tuairisc shoiléir a thabhairt sa chonradh ar shonraí an nós imeachta sin, lena n-airítear a fhad. Chun na críche céanna, ba cheart don fhéichiúnaí an nós imeachta fíoraithe nó glactha a thionscnamh láithreach tar éis dó na hearraí agus/nó na seirbhísí is ábhar don idirbheart tráchtála a fháil ón gcreidiúnaí, beag beann ar cibé acu ar eisigh an creidiúnaí an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht. Ionas nach gcuirfear gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo i mbaol, is iomchuí uasfhad an nós imeachta glactha nó fíoraithe a leagan síos.

(13) Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do thréimhsí níos giorra a d'fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir leo sa dlí náisiúnta, agus atá níos fabhraí don chreidiúnaí.

(14) Is féidir ról suntasach a bheith ag soláthar poiblí maidir le feidhmíocht íocaíochtaí a fheabhsú. Ba cheart sineirgí feabhsaithe a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin, idir beartais agus rialacha soláthair phoiblí agus cuspóirí maidir le híocaíocht phras. Go háirithe in oibreacha poiblí tógála, is minic nach n-íocann an príomhchonraitheoir fochonraitheoirí in am, fiú nuair a dhéanann na húdaráis chonarthacha nó na heintitis chonarthacha na híocaíochtaí conarthacha leo, rud a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach na ndúradán a bheith aige ar an slabhra soláthair. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gcuireann

---

8 Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháiliúcháin agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

9 Breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *BFF Finance Iberia SAU v. Gerencia Regional de Salud de la Junta de Castilla y León*, (IO C 53, 15.2.2021, lch. 19) C-585/20, EU:C:2022:806, mír 53.

conraitheoirí fianaise ar fáil d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha maidir le híocaíochtaí lena bhfochonraitheoirí díreacha.

(15) Ar mhaithe le comhsheasmhacht reachtaíocht an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an sainmhíniú ar 'údaráis chonarthacha' agus 'eintitis chonarthacha' i dTreoracha 2014/23/AE[10], 2014/24/AE[11], 2014/25/AE[12] agus 2009/81/CE[13] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun críocha an Rialacháin seo.

(16) Ba cheart ús dlite i gcás íocaíochtaí déanacha a ríomh ar bhonn laethúil mar ús simplí. Tá ús i gcás íocaíochtaí déanacha sa bhreis ar an méid atá dlite. Ní mheasfar go mbeidh oibleagáidí an fhéichiúnaí comhlíonta aige ach amháin nuair a gheobhaidh an creidiúnaí íocaíocht an mhéid atá dlite, lena n-áirítear na húis chomhfhreagracha agus an cúiteamh de réir buntáille. Ba cheart méid na híocaíochta déanaí leanúint de bheith ag fabhrú go dtí go n-íocfar an méid atá dlite leis an gcreidiúnaí.

(17) Níor cheart don chreidiúnaí a bheith in ann a cheart chun ús a fháil i gcás íocaíochtaí déanacha a tharscaoileadh, toisc go bhfuil feidhm dhúbailte ag ús i gcás íocaíochtaí déanacha: chun cuid den damáiste a rinneadh don chreidiúnaí a fhritháireamh, rud a tharla mar gheall ar an moill, agus chun bearta sriantacha a chur i bhfeidhm maidir leis an bhféichiúnaí as an gconradh a shárú. Chun fáil úis agus cúitimh ag an gcreidiúnaí a éascú i gcás íocaíocht dhéanach, ba cheart an ceart atá ag an gcreidiúnaí iad a fháil a bheith uathoibríoch, ach amháin i gcás nach é an féichiúnaí is cúis leis an moill ar íocaíocht.

(18) Is gá costais aisghabhála arna dtabhú de dheasca íocaíochtaí déanacha a chúiteamh le creidiúnaithe ar bhonn cothrom d'fhonn íocaíochtaí déanacha a dhíspreagadh. Ba cheart a áireamh ar na costais sin aisghabháil na gcostas riaracháin agus cúiteamh ar chostais inmheánacha a thabhaítear mar gheall ar an íocaíocht dhéanach agus ba cheart iad a charnadh leis an ús ar an íocaíocht dhéanach as gach idirbheart tráchtála aonair a íocadh go déanach de réir mar a chinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais[14]. Ba cheart suim íosta shocraithe an chúitimh i leith na gcostas aisghabhála a chinneadh gan dochar d'fhorálacha náisiúnta ar dá réir a fhéadfaidh cúirt náisiúnta cúiteamh a dhámhachtain don chreidiúnaí i leith aon damáiste breise a bhaineann le híocaíocht dhéanach an fhéichiúnaí.

(19) Ba cheart é a bheith indéanta gur féidir íocaíochtaí a dhéanamh i dtráthchodanna nó in íocaíochtaí agaithe. Ba cheart gach tráthchuid a íoc nó gach íocaíocht a dhéanamh, áfach, ar na téarmaí a comhaontaíodh agus ba cheart iad a bheith faoi réir na rialacha maidir le híocaíochtaí déanacha a leagtar amach sa Rialachán seo.

---

10 Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 1 - 64).

11 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 65-242).

12 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist, agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lgh. 243-374).

13 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lgh. 76-136).

14 Breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *BFF Finance Iberia SAU v. Gerencia Regional de Salud de la Junta de Castilla y León*, C-585/20, ECLI:EU:C:2022:806.

(20) I dteannta na suime seasta chun costais aisghabhála inmheánacha a chumhdach, ba cheart creidiúnaithe a bheith i dteideal cúiteamh réasúnta a fháil i leith costais aisghabhála a thabhaíonn siad mar gheall ar íocaíocht dhéanach ó fhéichiúnaí. Is éard ba cheart a áireamh sna costais sin, mar shampla, na costais arna dtabhú ag creidiúnaithe as dlíodóir a theagasc nó as gníomhaireacht bailithe fiachais a fhostú.

(21) Ba cheart mí-úsáid saoirse conartha chun míbhuntáiste an chreidiúnaí a sheachaint. Mar thoradh air sin, i go bhfuil clásal i gconradh nó cleachtas a bhaineann le dáta nó téarma na híocaíochta, an íocaíocht nó an ráta úis ar íocaíocht dhéanach, cúiteamh ar chostais aisghabhála, síneadh a chur le fad an nós imeachta fíoraithe nó glactha nó moill a chur d'aon ghnó ar an tráth a seoltar an sonrasc nó cosc a chur leis agus nach bhfuil an clásal sin i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart é a bheith ar neamhní go hiomlán.

(22) Chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí chun cosc a chur le mí-úsáid na saoirse conartha chun dochair do chreidiúnaithe, ba cheart d'eagraíochtaí a aithnítear go hoifigiúil mar ionadaithe ar chreidiúnaithe nó eagraíochtaí a bhfuil leas dlisteanach acu in ionadaíocht a dhéanamh ar ghnóthais a bheith in ann gníomhú os comhair cúirteanna náisiúnta nó comhlachtaí riaracháin chun cosc a chur le híocaíochtaí déanacha.

(23) Chun a ráthú go n-íocfar as an méid atá dlite ina iomlán, tá sé tábhachtach a áirithiú go gcoinneoidh an díoltóir an teideal chun earraí go dtí go n-íocfar astu go hiomlán, más rud é gur comhaontaíodh go sainráite idir an ceannaitheoir agus an díoltóir teideal a choinneáil sula seachadfar na hearraí.

(24) Chun a áirithiú go ndéanfar an Rialachán seo a chur i bhfeidhm i gceart, tá sé tábhachtach trédhearcacht a sholáthar maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo. Chun a áirithiú go gcuirtear na rátaí cearta úis i bhfeidhm, tá sé tábhachtach go gcuirfidh na Ballstáit agus an Coimisiún ar fáil don phobal iad.

(25) Ní féidir na bearta sriantacha i gcás íocaíochtaí déanacha a bheith athchomhairleach ach amháin má tá nósanna imeachta sásaimh atá tapa agus éifeachtach don chreidiúnaí ag gabháil leo. Dá bhrí sin, ba cheart nósanna imeachta aisghabhála caoithiúla i leith éilimh neamhchonspóidithe a bheith ar fáil do na creidiúnaithe uile atá bunaithe san Aontas.

(26) Chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a éascú agus a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údaráis a ainmniú a bheidh freagrach as a fhorfheidhmiú, ar údaráis iad a dhéanann a ndualgais agus a gcúraimí ar bhealach oibiachtúil cothrom agus a áirithíonn cóir chomhionann gnóthas príobháideach agus údarás poiblí. Ba cheart do na húdaráis forfheidhmithe sin imscrúduithe a dhéanamh ar a dtionscnamh féin, gníomhú maidir le gearáin, agus ba cheart iad a chumhachtú, i measc nithe eile, chun bearta sriantacha a fhorchur agus a gcinntí a fhoilsiú ar bhonn rialta. Ina theannta sin, ar mhaithe le forfheidhmiú níos éifeachtaí, ba cheart do na Ballstáit uirlisí digiteacha a úsáid a mhéid is féidir.

(27) Chun modhanna sásaimh éasca agus inrochtana a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit úsáid dheonach sásra éifeachtaigh neamhspleách um réiteach malartach díospóidí a chur chun cinn chun díospóidí íocaíochta in idirbhearta tráchtála a réiteach.

(28) Déantar iarrataí ar íocaíocht a thionscnamh le sonraisc agus is doiciméid thábhachtacha iad i slabhra na n-idirbheart le haghaidh soláthar earraí agus seirbhísí, *inter alia*, nuair a bhíonn sprioc-amanna íocaíochta á gcinneadh. Tá sé tábhachtach córais a chur chun cinn lena dtugtar deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an dáta beacht a

fhaigheann féichiúnaithe sonraisc, lena n-áirítear an ríomhshonrascadh, rud a d'fhéadfadh, ar fháil sonrasc, fianaise leictreonach a ghiniúint agus rud a rialaítear go páirteach leis na forálacha maidir le sonrascadh i dTreoir 2006/112/CE[15] ón gComhairle agus i dTreoir 2014/55/CE[16] ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(29) Le rochtain éifeachtach gnóthas, go háirithe FBManna, ar bhainistíocht creidmheasa agus ar oiliúint litearthachta airgeadais, is féidir tionchar mór a imirt maidir le moilleanna íocaíochta a laghdú, sreafaí airgid optamacha a choinneáil ar bun, an riosca mainneachtana a laghdú agus an acmhainneacht fáis a mhéadú. Mar sin féin, is minic nach mbíonn sé d'acmhainn ag FBManna infheistíocht a dhéanamh in oiliúint den sórt sin, agus tá oiliúint agus ábhar oiliúna an-teoranta ar fáil faoi láthair lena ndírítear ar eolas FBManna ar bhainistíocht creidmheasa agus sonraisc a fheabhsú. Is iomchuí, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh gur gá do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh oiliúint maidir le bainistíocht creidmheasa agus litearthacht airgeadais ar fáil agus inrochtana do FBManna, lena n-áirítear maidir le húsáid uirlisí digiteacha le haghaidh íocaíochtaí tráthúla.

(30) Tá forálacha áirithe sa Rialachán seo nasctha leis na forálacha i Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]. Mínítear an gaol idir Treoracha 2011/7/AE agus (AE) 2019/633 in aithrisí (17) agus (18) agus Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2019/633. Ós rud é go dtagann an Rialachán seo in ionad Threoir 2011/7/AE, níor cheart go ndéanfaí difear do na rialacha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/633, lena n-airítear na forálacha is infheidhme maidir le híocaíochtaí a dhéantar i gcomhthéacs na scéime scoile[18], comhaontuithe comhroinnte luacha[19] agus íocaíochtaí áirithe i leith díol fíonchaor, úrfhíona agus bulcfhíona in earnáil an fhíona[20], seachas na sprioc-amanna is infheidhme maidir leis na huastréimhsí íocaíochta a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia neamh-mheatacha a sholáthar. Mar sin féin, leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc leis na Ballstáit forálacha náisiúnta is infheidhme in earnáil na talmhaíochta agus an bhia a thabhairt isteach nó a choinneáil ar bun lena ndéantar foráil maidir le téarmaí íocaíochta níos déine, nó maidir le ríomh éagsúil tréimhsí íocaíochta, *dies a quo* agus nósanna imeachta fíoraithe nó glactha le haghaidh soláthróirí táirgí talmhaíochta agus bia atá níos fabhraí don chreidiúnaí.

(31) Tá sé de chuspóirí ag an Rialachán seo cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas gnóthas, agus go háirithe iomaíochas FBManna, a chothú. Ní féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach, toisc gur

---

15 Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

16 Treoir 2014/55/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ríomhshonrascadh i gcás an tsoláthair phoiblí (IO L 133, 6.5.2014, lch. 1).

17 Treoir (AE) 2019/633 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cleachtais éagóracha trádála sa chaidreamh gnólacht le gnólacht i slabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia (IO L 111, 25.4.2019, lch. 59).

18 Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

19 Airteagal 172a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

20 Airteagal 147a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

dócha go mbeadh easpa rialacha aonfhoirmeacha, ilroinnt an mhargaidh aonair agus costais níos airde ar chuideachtaí atá ag trádáil thar theorainneacha mar thoradh ar réitigh náisiúnta a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(32) Chun am leordhóthanach a thabhairt do na gníomhaithe ábhartha uile na socruithe is gá a chur i bhfeidhm chun an Rialachán seo a chomhlíonadh, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin a chur siar. Mar sin féin, chun cosaint níos fearr a áirithiú le haghaidh na gcreidiúnaithe, idirbhearta tráchtála a bheidh le híoc tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, beidh siad faoi réir a fhorálacha, fiú má síníodh an conradh ábhartha roimh dháta a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le híocaíochtaí a dhéantar in idirbhearta idir gnóthais nó idir gnóthais agus údaráis phoiblí, inarb é an t-údarás poiblí an féichiúnaí, as a dtagann seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí ar luach saothair (‘idirbhearta tráchtála’).

2. Áireofar ar sheachadadh earraí nó soláthar na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 dearadh agus cur i gcrích oibreacha poiblí, tógála agus oibreacha innealtóireachta sibhialta.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon cheann de na híocaíochtaí seo a leanas:

   (a) íocaíochtaí le haghaidh idirbhearta le tomhaltóirí;

   (b) íocaíochtaí a dhéantar mar chúiteamh ar dhamáistí, lena n-áirítear íocaíochtaí ó chuideachtaí árachais;

   (c) íocaíochtaí a eascraíonn as oibleagáidí is féidir a chur ar ceal, a chur siar, nó a tharscaoileadh faoi imeachtaí dócmhainneachta nó imeachtaí um athstruchtúrú nó maidir leo, lena n-airítear imeachtaí um athstruchtúrú coisctheach faoi Threoir (AE) 2019/1023[21] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Cé is moite d’Airteagal 3(1), ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do na forálacha a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/633.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[21] Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháiliúcháin agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).

(1) ciallaíonn ‘gnóthas’ aon eagraíocht, beag beann ar a foirm agus ar a bealach maoinithe, a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch nó ghairmiúil go neamhspleách;

(2) ciallaíonn ‘údarás poiblí’ aon údarás conarthach, mar a shainmhínítear in Airteagal 6(1) de Threoir 2014/23/AE, in Airteagal 2(1), pointe (1), de Threoir 2014/24/AE nó in Airteagal 3(1) de Threoir 2014/25/AE;

(3) ciallaíonn ‘íocaíocht dhéanach’ íocaíocht nach ndéantar laistigh den tréimhse íocaíochta chonarthach nó reachtúil mar a leagtar amach in Airteagal 3;

(4) ciallaíonn ‘suim dhlite’ an phríomhshuim ba cheart a íoc laistigh den tréimhse íocaíochta chonarthach nó reachtúil, mar a leagtar amach in Airteagal 3, lena n-áirítear na cánacha, dleachtanna, tobhaigh nó muirir is infheidhme atá sonraithe sa sonrasc nó san iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht;

(5) ciallaíonn ‘teideal infhorfheidhmithe’ aon chinneadh, breithiúnas, ordú íocaíochta arna heisiúint nó arna eisiúint ag cúirt nó údarás inniúil eile, gníomhas príobháideach nó aon doiciméad eile a eisítear, lena n-áirítear iad siúd atá infhorfheidhmithe go sealadach, cibé acu le haghaidh íocaíocht láithreach nó íocaíocht i dtráthchodanna iad, lena gceadaítear don chreidiúnaí a éileamh nó a héileamh in aghaidh an fhéichiúnaí a bhailiú trí bhíthin forfheidhmithe;

(6) ciallaíonn ‘teideal a choinneáil’ an comhaontú conarthach lena gcoinníonn an díoltóir teideal ar na hearraí atá i gceist go dtí go mbeidh an praghas íoctha go hiomlán;

(7) ciallaíonn ‘nós imeachta glactha nó fíoraithe’ an nós imeachta lena gcinntítear go bhfuil na hearraí a sheachadtar nó na seirbhísí a sholáthraítear i gcomhréir le ceanglais an chonartha;

(8) ciallaíonn ‘féichiúnaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon údarás poiblí a bhfuil íocaíocht le híoc aige as earra a sheachadtar nó as seirbhís a sholáthraítear;

(9) ciallaíonn ‘creidiúnaí’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon údarás poiblí a sheachaid earraí nó a sholáthraigh seirbhísí d’fhéichiúnaí.

Airteagal 3
Tréimhsí íocaíochta

1. In idirbhearta tráchtála, ní bheidh an tréimhse íocaíochta níos faide ná 30 lá féilire, ón lá a bhfaighidh an féichiúnaí an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht, ar choinníoll go bhfuair an féichiúnaí na hearraí nó na seirbhísí. Beidh feidhm ag an tréimhse sin maidir leis na hidirbhearta idir gnóthais agus idir údaráis phoiblí agus gnóthais araon. Beidh feidhm ag an tréimhse íocaíochta chéanna freisin maidir le táirgí talmhaíochta agus bia neamh-mheatacha a sholáthar ar bhonn rialta agus neamhrialta dá dtagraítear in Airteagail 3(1)(a), pointe (i), an dara fleasc agus 3(1)(a), pointe (ii), an dara fleasc de Threoir (AE) 2019/633, mura dhéanann na Ballstáit foráil maidir le tréimhsí íocaíochta níos giorra i gcás na dtáirgí sin.

2. Ní fhéadfar foráil eisceachtúil a dhéanamh maidir le nós imeachta glactha nó fíoraithe sa dlí náisiúnta ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis mar gheall ar chineál sonrach na n-earraí nó na seirbhísí. Sa chás sin, tabharfar tuairisc sa chonradh ar mhionsonraí an nós imeachta glactha nó fíoraithe, lena n-áirítear fad an nós imeachta sin.

3. I gcás ina ndéantar foráil sa chonradh maidir le nós imeachta glactha nó fíoraithe, i gcomhréir le mír 2, ní bheidh uastréimhse an nós imeachta sin níos faide ná 30 lá

féilire ón lá a bhfaighidh an féichiúnaí na hearraí nó na seirbhísí, fiú má sholáthraítear na hearraí nó na seirbhísí sin sula n-eisítear an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht. Sa chás sin, cuirfidh an féichiúnaí tús leis an nós imeachta glactha nó fíoraithe a luaithe a gheofar na hearraí agus/nó na seirbhísí is ábhar don idirbheart tráchtála ón gcreidiúnaí. Ní bheidh an tréimhse íocaíochta níos faide ná 30 lá féilire tar éis an nós imeachta sin a bheith curtha i gcrích.

4. Is í an tréimhse íocaíochta a leagtar amach i mír 1 an uastréimhse íocaíochta agus tá sí gan dochar do thréimhse níos giorra a d'fhéadfaí foráil a dhéanamh maidir léi sa dlí náisiúnta.

Airteagal 4
Íocaíochtaí le fochonraitheoirí i soláthar poiblí

1. I gcás conarthaí oibreacha poiblí a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2014/23/AE, 2014/24/AE, 2014/25/AE, agus 2009/81/CE[22] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfidh conraitheoirí fianaise ar fáil d'údaráis chonarthacha nó d'eintitis chonarthacha de réir bhrí na dTreoracha sin a d'íoc siad, i gcás inarb infheidhme, a bhfochonraitheoirí díreacha a raibh baint acu le forghníomhú an chonartha laistigh de na sprioc-amanna agus faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Féadfaidh an fhianaise a bheith i bhfoirm dearbhú scríofa ón gconraitheoir agus cuirfidh an conraitheoir an fhianaise sin ar fáil don údarás conarthach nó don eintiteas conarthach roimh aon iarraidh ar íocaíocht, nó ar a dhéanaí, in éineacht le haon iarraidh ar íocaíocht.

2. I gcás nach bhfuil an fhianaise dá bhforáiltear i mír 1 faighte ag an údarás conarthach nó ag an eintiteas conarthach nó i gcás ina bhfuil faisnéis aige maidir le híocaíocht dhéanach ón bpríomhchonraitheoir lena fhochonraitheoirí díreacha, cuirfidh an t-údarás conarthach nó an t-eintiteas conarthach an méid sin in iúl d'údarás forfheidhmithe a Bhallstáit gan mhoill.

Airteagal 5
Ús ar íocaíochtaí déanacha

1. I gcás íocaíochtaí déanacha, beidh an féichiúnaí faoi dhliteanas ús a íoc ar íocaíochtaí déanacha, seachas i gcás nach bhfuil an féichiúnaí freagrach as moill na híocaíochta.

2. Beidh ús ar íocaíochtaí déanacha dlite go huathoibríoch ón bhféichiúnaí don chreidiúnaí, gan gá don chreidiúnaí meabhrúchán a sheoladh, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

   (a) tá a oibleagáidí conarthacha agus na hoibleagáidí conarthacha dá bhforáiltear sa dlí comhlíonta ag an gcreidiúnaí;

   (b) tá an sonrasc nó an iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht faighte ag an bhféichiúnaí;

[22] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha poiblí, soláthair phoiblí agus seirbhíse poiblí ag údaráis nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta nó na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE.

(c) níl an méid atá dlite a shonraítear sa sonrasc ná san iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht faighte ag an gcreidiúnaí, laistigh den tréimhse íocaíochta chonarthach nó reachtúil a leagtar amach in Airteagal 3.

3. Ní bheidh an creidiúnaí in ann a cheart chun ús a fháil i gcás íocaíochtaí déanacha a tharscaoileadh.

4. Ní bheidh an dáta a bhfaighfear an sonrasc, nó an iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht, faoi réir comhaontú conarthach idir an féichiúnaí agus an creidiúnaí.

5. Tabharfaidh an féichiúnaí an fhaisnéis ábhartha uile don chreidiúnaí chun a áirithiú go nglacfaidh an féichiúnaí le sonrasc an chreidiúnaí nó leis an iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht a luaithe a gheofar í.

6. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, tosóidh ús ar íocaíocht dhéanach ag fabhrú ón gceann deireanach de na teagmhais seo a leanas:

(a) nuair a gheobhaidh an féichiúnaí an sonrasc nó iarraidh choibhéiseach ar íocaíocht;

(b) nuair a gheobhaidh an creidiúnaí na hearraí nó na seirbhísí.

7. Beidh an t-ús i gcás íocaíochtaí déanacha ag fabhrú go dtí go n-íocfar an méid atá dlite.

Airteagal 6

Ráta an úis i gcás íocaíochtaí déanacha

1. Beidh an t-ús ar íocaíocht dhéanach cothrom leis an ráta tagartha móide 8 bpointe céatadáin.

2. Na Ballstáit sin a bhfuil an euro mar airgeadra acu, áiritheoidh siad go gcomhfhreagraíonn an ráta tagartha do cheachtar díobh seo a leanas:

(a) an ráta úis arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach ar phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin;

(b) an ráta úis imeallach atá mar thoradh ar na nósanna imeachta tairisceana a mbaineann ráta athraitheach leo le haghaidh na bpríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin is déanaí de chuid an Bhainc Ceannais Eorpaigh.

3. Sna Ballstáit sin nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, socróidh an banc ceannais náisiúnta an ráta tagartha.

4. Is é an ráta tagartha don chéad seimeastar den bhliain lena mbaineann an ráta is inchinnte an 1 Eanáir den bhliain sin. Is é an ráta tagartha don dara seimeastar den bhliain lena mbaineann an ráta is inchinnte an 1 Iúil den bhliain sin.

Airteagal 7

Sceidil íocaíochta

I gcás ina ndéanfar íocaíocht ar bhonn sceidil lena bhforáiltear do thráthchodanna, agus nach n-íocfar aon cheann de na tráthchodanna sin faoin dáta a comhaontaíodh, déanfar an t-ús ar íocaíochtaí déanacha dá dtagraítear in Airteagal 5 a ríomh ar bhonn aon mhéid atá thar téarma. Íocfar cúiteamh freisin i gcomhréir le hAirteagal 8.

Airteagal 8

Cúiteamh as costais aisghabhála

1. I gcás ina dtiocfaidh ús ar íocaíochtaí déanacha chun bheith iníoctha i gcomhréir le hAirteagal 5, beidh cúiteamh de réir buntáille as costais aisghabhála dlite go huathoibríoch ag an bhféichiúnaí don chreidiúnaí agus suim sheasta EUR 50 in aghaidh gach idirbhirt tráchtála aonair i gceist.

2. Beidh an cúiteamh de réir buntáille dá dtagraítear i mír 1 iníoctha ag an bhféichiúnaí don chreidiúnaí mar chúiteamh ar chostais aisghabhála an chreidiúnaí féin, gan gá le meabhrúchán.

3. Ní bheidh an creidiúnaí in ann a cheart chun an cúiteamh de réir buntáille a fháil a leagtar síos i mír 1 a tharscaoileadh.

4. I dteannta an chúitimh de réir buntáille dá dtagraítear i mír 1, beidh an creidiúnaí i dteideal cúiteamh réasúnach a fháil ón bhféichiúnaí as aon chostais aisghabhála is mó ná an cúiteamh sin de réir buntáille agus a thabhaítear mar gheall ar íocaíocht dhéanach an fhéichiúnaí.

5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do chearta an chreidiúnaí aon chúiteamh eile a fháil.

Airteagal 9

Téarmaí conarthacha agus cleachtais chonarthacha atá ar neamhní go hiomlán

1. Beidh na téarmaí conarthacha agus na cleachtais chonarthacha seo a leanas ar neamhní go hiomlán:

   (a) an tréimhsí íocaíochta a shocrú de shárú ar Airteagal 3;

   (b) eisiamh nó teorannú a dhéanamh ar cheart an chreidiúnaí ús a fháil ar íocaíochtaí déanacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 nó an ceart cúiteamh a fháil as costais aisghabhála dá bhforáiltear in Airteagal 8;

   (c) síneadh a chur le fad an nós imeachta fíoraithe nó glactha thar an téarma a leagtar síos in Airteagal 3(3);

   (d) moill a chur ar an tráth a sheoltar an sonrasc d'aon ghnó nó cosc a chur leis.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil modhanna leordhóthanacha éifeachtacha ann chun deireadh a chur leis na téarmaí conarthacha agus na cleachtais chonarthacha dá dtagraítear i mír 1.

3. Áireofar ar na modhanna dá dtagraítear i mír 2 an deis a bheith ag eagraíocht a aithnítear go hoifigiúil mar eagraíocht a dhéanann ionadaíocht do chreidiúnaithe nó ag eagraíochtaí a bhfuil leas dlisteanach aici ionadaíocht a dhéanamh ar ghnóthais gníomhú os comhair na gcúirteanna nó na gcomhlachtaí riaracháin inniúla.

Airteagal 10

Teideal a choinneáil

Coinneoidh creidiúnaí teideal chun earraí go dtí go n-íocfar astu go hiomlán más rud é gur comhaontaíodh go sainráite idir an féichiúnaí agus an creidiúnaí teideal a choinneáil sula seachadfar na hearraí.

Airteagal 11
Trédhearcacht

1. Déanfaidh na Ballstáit an trédhearcacht a áirithiú i ndáil leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, lena n-áirítear tríd an ráta úis reachtúil is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha a chur ar fáil go poiblí.

2. Cuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí ar an idirlíon na rátaí reatha úis ar íocaíochtaí déanacha a bhfuil feidhm acu sna Ballstáit.

Airteagal 12
Nósanna imeachta aisghabhála maidir le héilimh neamhchonspóidithe

1. Gheobhaidh creidiúnaithe teideal in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear trí nós imeachta brostaithe agus beag beann ar mhéid an fhéich, laistigh de 90 lá féilire ón tráth a thaiscfear an chaingean nó an t-iarratas ag an gcúirt nó ag údarás inniúil eile, ar choinníoll nach ndéanfar an fiach agus an nós imeachta a dhíospóid.

2. Agus an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 á ríomh, ní chuirfear an tréimhse seo a leanas san áireamh:

   (a) na tréimhsí ama is gá chun doiciméid a sheirbheáil;

   (b) aon mhoill arb é an creidiúnaí is cúis léi.

3. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 1896/2006.

Airteagal 13
Údaráis forfheidhmithe

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin nó níos mó a bheidh freagrach as an Rialachán seo a fhorfheidhmiú ('an t-údaráis forfheidhmithe').

2. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh na húdaráis forfheidhmithe na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na sprioc-amanna le haghaidh íocaíochtaí.

3. Oibreoidh údaráis forfheidhmithe i gcomhar le chéile agus leis an gCoimisiún go héifeachtach, agus tabharfaidh siad cúnamh frithpháirteach dá chéile in imscrúduithe a bhfuil gné trasteorann ag baint leo.

4. Déanfaidh na húdaráis forfheidhmithe a ngníomhaíochtaí a chomhordú le húdaráis eile atá freagrach as reachtaíocht an Aontais nó reachtaíocht náisiúnta eile a fhorfheidhmiú lena n-áirítear trí oibleagáidí malartaithe faisnéise.

5. Cuirfidh na húdaráis forfheidhmithe na gearáin a fhaightear maidir le híocaíochtaí déanacha in earnáil na talmhaíochta agus an bhia ar aghaidh chuig na húdaráis forfheidhmithe inniúla faoi Threoir (AE) 2019/633.

Airteagal 14
Cumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe

1. Beidh na hacmhainní agus an saineolas is gá ag na húdaráis forfheidhmithe chun a ndualgas a chomhlíonadh, agus beidh na cumhachtaí seo a leanas acu:

   (a) an chumhacht imscrúduithe a thionscnamh agus a sheoladh, ar a dtionscnamh féin nó ar bhonn gearáin;

(b) an chumhacht ceangal a chur ar chreidiúnaithe agus ar fhéichiúnaithe an fhaisnéis uile is gá a sholáthar chun imscrúduithe a dhéanamh a bhaineann le híocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála;

(c) an chumhacht cigireachtaí ar an láthair gan réamhfhógra a dhéanamh faoi chuimsiú a gcuid imscrúduithe;

(d) an chumhacht cinntí a dhéanamh go raibh sárú ann ar an Rialachán seo agus lena gceanglaítear ar an bhféichiúnaí ús a íoc as íocaíochtaí déanacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 nó lena gceanglaítear ar an bhféichiúnaí an creidiúnaí a chúiteamh dá bhforáiltear in Airteagal 8;

(e) an chumhacht fíneálacha agus pionóis agus bearta idirlinne eile a fhorchur ar na daoine is ábhar don sárú, nó imeachtaí comhdhála thionscnamh maidir leis na nithe sin a fhorchur;

(f) an chumhacht ceangal a chur ar an bhféichiúnaí deireadh a chur leis an sárú;

(g) an chumhacht a gcinntí dá dtagraítear i míreanna (d), (e) agus (f) a fhoilsiú.

2. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin, [faoin .../ gan mhoill] agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 15
Gearáin agus rúndacht

1. Féadfaidh creidiúnaithe gearáin a chur faoi bhráid údarás forfheidhmithe an Bhallstáit ina bhfuil siad bunaithe nó faoi bhráid údarás forfheidhmithe na mBallstát ina bhfuil an féichiúnaí bunaithe. An t-údarás forfheidhmithe sin a gcuirtear an gearán chuige, beidh sé inniúil an Rialachán seo a fhorfheidhmiú.

2. Eagraíochtaí a aithnítear go hoifigiúil mar eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar chreidiúnaithe nó eagraíochtaí a bhfuil leas dlisteanach acu maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar ghnóthais, beidh sé de cheart ag na heagraíochtaí sin gearán a chur faoi bhráid na n-údarás forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 13 arna iarraidh sin do chomhalta amháin nó níos mó dá gcuid nó, i gcás inarb iomchuí, arna iarraidh sin do chomhalta amháin nó níos mó dá gcuid balleagraíochtaí, i gcás ina measfaidh na comhaltaí sin go ndearna sárú ar an Rialachán seo difear dóibh.

3. Arna iarraidh sin don ghearánaí, glacfaidh an t-údarás forfheidhmithe na bearta is gá chun aitheantas an ghearánaigh a chosaint. Aon fhaisnéis dá n-iarrann an gearánaí rúndacht, déanfaidh é an fhaisnéis sin a shainaithint.

4. Cuirfidh an t-údarás forfheidhmithe a fhaigheann gearán an gearánaí ar an eolas faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige déileáil leis an ngearán laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis an gearán a fháil.

5. I gcás ina measfaidh an t-údarás forfheidhmithe nach bhfuil foras leordhóthanach ann le gníomhú ar ghearán, cuirfidh sé cúiseanna a chinnidh in iúl don ghearánaí laistigh de thréimhse réasúnach ama tar éis an gearán a fháil.

6. I gcás ina measfaidh an t-údarás forfheidhmithe go bhfuil foras leordhóthanach ann chun gníomhú ar an ngearán, déanfaidh sé imscrúdú a thionscnamh, a sheoladh agus a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse réasúnach ama.

7. I gcás ina measann údarás forfheidhmithe gur sháraigh féichiúnaí an Rialachán seo, ceanglóidh sé ar an bhféichiúnaí deireadh a chur leis an gcleachtas neamhdhleathach.

Airteagal 16

Réiteach malartach díospóidí

1. Gan dochar do cheart na gcreidiúnaithe gearáin a chur isteach faoi Airteagal 15, agus d'oibleagáidí agus do chumhachtaí na n-údarás forfheidhmithe a leagtar síos in Airteagail 13, 14 agus 15, déanfaidh na Ballstáit úsáid dheonach sásraí éifeachtacha neamhspleácha um réiteach malartach díospóidí a chur chun cinn chun díospóidí idir féichiúnaithe agus creidiúnaithe a réiteach.

2. Le sásraí um réiteach malartach díospóidí le haghaidh díospóidí maidir le híocaíochtaí déanacha, spreagfar na páirtithe i ndíospóid chun teacht ar an réiteach eatarthu féin agus beidh na sásraí tapa, éifeachtúil, agus costéifeachtach, agus muinín agus iontaoibh á gcoinneáil ar bun idir na páirtithe ag an am céanna.

Airteagal 17

Uirlisí digiteacha, bainistíocht creidmheasa agus oiliúint litearthachta airgeadais

1. A mhéid is féidir, úsáidfidh na Ballstáit uirlisí digiteacha chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh uirlisí bainistithe creidmheasa agus oiliúint litearthachta airgeadais ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus go mbeidh rochtain acu orthu, lena n-áirítear maidir le húsáid uirlisí digiteacha le haghaidh íocaíochtaí tráthúla.

Airteagal 18

Tuarascáil

Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

Airteagal 19

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 2011/7/AE.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.

Airteagal 20

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Beidh idirbhearta tráchtála a dhéanfar tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, lena n-áirítear nuair a bheidh an bunchonradh tugtha i gcrích roimh an dáta sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*